


Conas roth uisce a thógáil


Beidh gá agat le:

- Cairtchlár
- Adhmad nó plaisteach
- Compás


Is fearr roth uisce a dhéanamh as ábhar cosúil le hadhmad nó le plaisteach nach n-éireoidh maoth agus bog san uisce. Ach, toisc gur gá iad siúd a ghearradh le sábh miotail nó le scian an-ghéar, tá sé i bhfad níos sábháilte úsáid a bhaint as cairtchlár – cé go dtiteann sé as a chéile go luath nuair a úsáidtear san uisce é.




Conas é a dhéanamh




Tarraing ciorcal le ga 4cm ar phíosa cairtchláir le compás.



Cuir slat nó peann luaidhe ar an lárphointe a rinne an compás, agus tarraing ciorcal beag timpeall na slaithe/ an phinn luaidhe sin.




Tarraing sé dhronuilleog ar chairtchlár, gach dronuilleog timpeall 3cm x 4cm.




Tarraing líne trí lár gach dronuilleoige agus cuir marc uirthi 2cm ó cheann amháin.


Conas é a dhéanamh ar lean




Gearr amach an ciorcal agus na dronuilleoga.




Gearr amach lárpholl an chiorcail agus gearr suas lárline gach dronuilleoige an taobh gairid) chomh fada leis an marc.




Sleamhnaigh an ciorcal tríd an scoilt i ndronuilleog.




Daingnigh an dronuilleog le téip ghreamaitheach.



Déan amhlaidh leis na 5 dhronuilleog eile (ag a dó, a ceathair, a sé, a hocht, a deich agus a dó dhéag a chlog ar an gciorcail), go dtí go mbeidh roth agat agus sé lann air.



Sleamhnaigh an tslat trí lár an rotha agus coinnigh é i sruthán uisce reatha. Triail é agus uisce ag titim anuas air ...



... agus le huisce ag sní faoina bhun.